CEA

Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority

# STRAITÉIS

## 2022-2025

ARDCHAIGHDEÁIN IOMPRAÍOCHTA CORPARÁIDÍ A CHUR CHUN CINN TRÍ DHLÍ NA gCUIDEACHTAÍ A FHORFHEIDHMIÚ

# Ráiteas Cóipchirt agus Séanta

Is leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an cóipcheart ar a bhfuil sa doiciméad seo. Féadfar an foilseachán seo ar fad, nó cuid de, a atáirgeadh gan aon chead eile, ar choinníoll go n-admhófar an fhoinse.

Ní dhéanfar aon ní atá anseo istigh a fhorléiriú mar léiriú ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, nó thar a cheann, ar an tuiscint nó an léirmhíniú atá aige ar aon cheann de na forálacha d'Acht na gCuideachtaí, 2014 (arna leasú), nó ar an léirmhíniú ar aon dlí.

Ba cheart comhairle dlí neamhspleách a lorg i ndáil leis na héifeachtaí atá ag aon fhoráil dlí.

Ní ghlacann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haon fhreagracht nó aon dliteanas a eascróidh ar aon slí as a bhfuil san fhoilseachán seo nó as aon earráidí, aon mhíchruinnis nó aon easnaimh sa doiciméad seo. Forchoimeádann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an ceart chun gníomhaíocht a dhéanamh, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil an ghníomhaíocht sin i gcomhréir le forálacha an doiciméid seo.

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Brollach | 1 |
| Ár Misean | 3 |
| Ár bhFís | 4 |
| Cé sinne agus cad a dhéanaimid | 5 |
| Ár Straitéis | 6 |
| Conas a thomhaisfimid rath | 8 |

# Brollach

## Forbairt fhorfheidhmiú dhlí na gcuideachtaí in Éirinn

Is eachtra shuntasach é bunú an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach, a sheasann don chéad chéim eile in éabhlóid fhorfheidhmiú dhlí na gcuideachtaí sa dlínse seo.

Tá athrú agus fás as cuimse tagtha ar chomhlíonadh dhlí na gcuideachtaí, agus ar an dóigh a bhforfheidhmítear é, ó dheireadh na 1990í, tráth a cuireadh an tuairim seo a leanas in iúl i dTuarascáil McDowell: *"...ní chloistear coiscéimeanna an fhorfheidhmitheora ar an stádar in am ar bith"*. Anois, déantar stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha a shrianadh agus a dhícháiliú go rialta mar thoradh ar a n-iompraíocht, déantar ionchúisimh choiriúla go tráthrialta, agus, mar thoradh ar na rioscaí airgeadais agus clú a bhaineann lena bheith ina n-ábhar do ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin, bíonn comhlíonadh ina mhír thosaíochta ar chláir oibre gach boird fhreagraigh. Cloistear coiscéimeanna forfheidhmitheoirí go tráthrialta anois, cé nach gcloistear go hard iad i gcónaí – uaireanta, is in éineacht le barántas a chloistear den chéad uair iad.

## An chéad éabhlóid eile

Bíonn an gnó ag éirí níos casta i gcónaí, agus bíonn ar chorparáidí éabhlóidiú agus gairmiúlú chun coinneáil suas leis na dúshláin agus na rioscaí a ghabhann leis sin. Is féidir an méid céanna a rá i gcás an fhorfheidhmiúcháin – gan trácht a dhéanamh ar an gcastacht mhéadaithe a bhaineann le dlí na gcuideachtaí agus leis an dlí coiriúil i gcoitinne.

Bhí na moltaí ó Thuarascáil McDowell ina léiriú ar an timpeallacht agus an cultúr gnó a bhí i réim ag an am, agus áiríodh leo "*oifig feidhmiúcháin*" a bhunú sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Mar sin féin, chun gur féidir leis coinneáil suas le castacht mhéadaitheach an ghnó, níl sé de rogha ag forfheidhmiú corparáideach ach éabhlóidiú. Is gá dó bheith níos solúbtha, níos sofhreagrúla, agus níos inniúla ón taobh teicniúil de, agus is gá dó a bheith in ann oibriú i ré dhigiteach. Chun oibriú ar an leibhéal éifeachtachta sin, is gá dúinn, go háirithe, a bheith in ann na daoine cearta a earcú don obair, ar obair an-speisialaithe í.

D'aithin an Rialtas agus an tOireachtas a inmhianaithe atá sé solúbthacht, sofhreagrúlacht agus inniúlacht theicniúil a uasmhéadú, agus thug siad aghaidh ar an méid sin freisin, trí Acht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach), 2021, a achtú agus tríd an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a bhunú mar ghníomhaireacht Stáit. Trí sholúbthacht bhreise agus acmhainní breise a sholáthar don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, i riocht oifigeach sibhialtach agus i riocht oifigeach den Gharda Síochána araon, léirigh an Rialtas a thiomanta atá sé cur leis an gcumas foriomlán atá ag Éirinn dul i ngleic leis an gcoireacht eacnamaíoch agus leis an éilliú eacnamaíoch. An tráth céanna, tá breithniú gníomhach á dhéanamh ar chumhachtaí breise imscrúdúcháin a thabhairt don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, de bhun na moltaí ó Ghrúpa Hamilton.

## Ár bhFís agus Ár Straitéis

Leagtar amach sa doiciméad seo an fhís atá againn don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, is é sin go n-éireoidh sé ina ghníomhaireacht den chineál seo a leanas:

"Gníomhaireacht forfheidhmiúcháin a bhfuil iontaoibh ag an bpobal aisti agus a bhfuil an-mheas ag ár ngeallsealbhóirí agus ár gcontrapháirtithe uirthi, ar gníomhaireacht í a rannchuidíonn le cosaint phoiblí agus leis an gclú atá ar Éirinn mar gheilleagar sábháilte dea-rialáilte chun infheistiú ann agus chun fostaíocht a chruthú ann"

Agus leagtar amach go mion ann an straitéis a ghlacfaimid thar an tréimhse 2022-2025 ar mhaithe leis an bhfís atá againn a bhaint amach.

Tugadh aird ar roinnt tosca agus an straitéis uainn á hullmhú, lenar áiríodh iad seo a leanas:

- tá dliteanas teoranta deartha chun fiontraíocht mhacánta a spreagadh agus a chothú trí dhaoine aonair a cheadú gabháil do ghníomhaíocht fiontraíochta agus trí neamhchosaint phearsanta ar chaillteanas airgeadais i gcás teip thráchtála a theorannú an tráth céanna;
- ní hé cuspóir dhlí na gcuideachtaí teip a chosc ná a phionósú ná cosaint a thabhairt uirthi;
- i gcomaoin phribhléid an dliteanais theoranta, áfach, éilítear leis an dlí orthu sin a bhaineann leas aisti gníomhú de mheon macánta agus cloí le ceanglais íosta ó thaobh rialachais, trédhearcachta agus ionracais tráchtála de;
- tá formhór na stiúrthóirí cuideachta ag iarraidh an rud ceart a dhéanamh, agus déanann siad a ndícheall gníomhú dá réir sin. Ba cheart cúnamh a thabhairt dóibh, a mhéid is indéanta, é sin a dhéanamh trí fhaisnéis agus treoir sho-rochtana a sholáthar;
- is iad daoine aonair a dhéanann cuideachtaí a rialú agus a bhainistiú. Dá bhrí sin, i gcás neamhchomhlíonta, tá tábhacht ag baint le cuntasacht aonair;
- imscartar ár n-acmhainní finideacha ar an mbealach is éifeachtaí ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar tháscairí ar an éagóiritheoireacht ag an gceann is tromchúisí den speictream;
- tá sé tábhachtach leanúint le hinfheistiú inár ndaoine agus sa teicneolaíocht araon;
- trínár gcuid oibre, ghnóthaíomar léargais luachmhara ar conas is féidir leibhéil chomhlíonta agus éifeachtacht an fhorfheidhmiúcháin a fheabhsú tuilleadh, agus féachfaimid le tionchar a imirt ar reachtaíocht, beartas agus iompraíocht chuige sin.

Leagtar amach sa doiciméad seo freisin conas a thomhaisfimid an rath a bhí orainn thar thréimhse feidhme na straitéise seo maidir le bogadh i dtreo ár bhfís a bhaint amach.

## Focail scoir

De réir mar a thosaímid ar an gcéad éabhlóid chorraitheach eile seo i bhforfheidhmiú dhlí na gcuideachtaí sa dlínse seo, táimid ag tnúth le hobair i gcomhar lenár gcontrapháirtithe agus ár ngeallsealbhóirí agus le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Dr Leo Varadkar TD, an Tánaiste, leis an Uas. Robert Troy TD, an tAire Stáit um Chur Chun Cinn na Trádála, Cúrsaí Digiteacha agus Rialáil Cuideachtaí, agus lena n-oifigigh sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta as a gcuid tiomantais agus díograise chun an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a bhunú agus as a dtacaíocht leanúnach. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe féin freisin, a raibh a gcuid tiomantais agus díograise ríthábhachtach maidir leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach a thabhairt ar an saol.

**Ian Drennan**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**
**agus Comhalta Ceaptha Aonair an Údaráis**

# Ár Misean

Freastal ar leas an phobail, agus leas an phobail a chur chun cinn, trí ardleibhéil chomhlíonta a chinntiú i leith dhlí na gcuideachtaí trí thathant atá éifeachtach agus trí fhorfheidhmiú comhréireach, láidir agus athchomhairleach.



# Ár bhFís

Gníomhaireacht forfheidhmiúcháin a bhfuil iontaoibh ag an bpobal aisti agus a bhfuil an-mheas ag ár ngeallsealbhóirí agus ár gcontrapháirtithe uirthi, ar gníomhaireacht í a rannchuidíonn le cosaint phoiblí agus leis an gclú atá ar Éirinn mar gheilleagar sábháilte dea-rialáilte chun infheistiú ann agus chun fostaíocht a chruthú ann.



# Cé Sinne agus Cad a Dhéanaimid

Is é an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach gníomhaireacht na hÉireann um fhorfheidhmiú dhlí na gcuideachtaí.

## An cuspóir atá le dlí na gcuideachtaí

Is é príomhchuspóir dhlí na gcuideachtaí leanúnachas a éascú agus gníomhaíocht fiontraíochta a spreagadh. Déantar amhlaidh leis trí fhoráil a dhéanamh do phearsantacht dhlítheanach chorparáideach agus dliteanas teoranta ar leith, rud lena sriantar neamhchosaint phearsanta ar riosca airgeadais.

I gcomaoin na bpribhléidí sin, leagtar síos le dlí na gcuideachtaí creat ar laistigh de:

- atáthar ag súil leis go n-oibreoidh cuideachtaí agus a stiúrthóirí;
- nach mór ceanglais áirithe trédhearcachta a chomhlíonadh;
- a thugtar cosaintí áirithe do scairshealbhóirí, do chreidiúnaithe agus don mhórphobal; agus
- a fhoráiltear do smachtbhannaí, idir smachtbhannaí sibhialta agus smachtbhannaí coiriúla, i leith cineálacha áirithe neamhchomhlíonta.

## Ár sainordú reachtúil

Bunaíodh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach faoi Acht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach), 2021, rud lena leasaítear Acht na gCuideachtaí, 2014. Faoi Acht 2014, táimid freagrach as comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a chur chun cinn agus as imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe amhrasta ar dhlí na gcuideachtaí. Tugadh don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach freisin feidhmeanna reachtúla i ndáil le gléasanna infheistíochta áirithe faoin Acht fá Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní, 2015.



# Ár Straitéis

Is é an phríomhaidhm atá leis an straitéis ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach don tréimhse 2022-2025 a chinntiú go leagfar bunchloch dhaingean síos ar ar féidir leis an ngníomhaireacht a sainordú reachtúil a chur i gcrích ar bhealach éifeachtach. Díreoimid ar thrí cholún straitéiseacha ar mhaithe leis an aidhm sin a bhaint amach.



# COLÚN 1

## STRUCHTÚIR RIALACHAIS A LEABÚ, INNIÚLACHT OIBRÍOCHTÚIL A FHORBAIRT AGUS LÁITHREACHT A BHUNÚ

**1.1 Struchtúir rialachais agus luachanna na heagraíochta a leabú**

**1.2 Inniúlacht oibríochtúil a fhorbairt**

**1.3 Láithreacht a bhunú**

# COLÚN 2

## TATHANT A DHÉANAMH AGUS TIONCHAR A IMIRT GO hÉIFEACHTACH

**2.1 Geallsealbhóirí a chumhachtú**

**2.2 Freagairt do shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn**

**2.3 Tionchar a imirt, comhairle a thabhairt agus gabháil do cheannaireacht smaointeoireachta**

# COLÚN 3

## CÓRAIS ÉIFEACHTACHA FORFHEIDHMIÚCHÁIN CHOMHRÉIRIGH, LÁIDIR AGUS ATHCHOMHAIRLIGH A OIBRIÚ

**3.1 Córas éifeachtach maoirseachta dócmhainneachta corparáidí a oibriú**

**3.2 Córas éifeachtach forfheidhmiúcháin chomhréireach, láidir agus athchomhairligh a oibriú**

**3.3 Cuntasacht aonair a chinntiú**

# Conas a thomhaisfimid rath

Is ionann an straitéis uainn don tréimhse 2022-2025 agus an bonn ardleibhéil ar a gcuirfimid ár misean i gcrích thar an gcreat ama sin ar mhaithe lenár bhfís a bhaint amach. Úsáidfear an straitéis uainn, dá réir sin, mar bhonn do phleananna gnó bliantúla agus do bhunspriocanna inghnóthaithe gaolmhara.



# Áireofar na nithe seo a leanas leis na táscairí ar rath na straitéise ilbhliantúla uainn

## STRUCHTÚIR RIALACHAIS A LEABÚ, INNIÚLACHT OIBRÍOCHTÚIL A FHORBAIRT AGUS LÁITHREACHT A BHUNÚ

- Struchtúir rialachais a bhunú agus an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chur chun feidhme ina iomláine.
- Cairt Luachanna an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach a fhorbairt agus na luachanna sin a leabú ar fud na heagraíochta.
- Baill foirne atá cáilithe go cuí agus a bhfuil taithí chuí acu a earcú, ar daoine iad a fhoinsítear, a mhéid is mó is indéanta, trí chomórtais oscailte, rud a thugann rochtain don Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar an mbuíon is leithne tallainne atá ar fáil.
- Infheistíocht leanúnach spriocdhírithe a dhéanamh in oiliúint agus forbairt.
- Méid mór feasachta a ghnóthú i measc príomh-spriocdhéimeagrafach ar an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus ar an ról atá aige.
- Láithreacht an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar na meáin shóisialta, agus an líon leantóirí atá aige, a mhéadú.

## TATHANT A DHÉANAMH AGUS TIONCHAR A IMIRT GO hÉIFEACHTACH

- Stiúrthóirí cuideachta/oifigigh chuideachta, comhaltaí/scairshealbhóirí cuideachta agus creidiúnaithe cuideachta a chumhachtú arís eile trí fhaisnéis inrochtana a fhorbairt agus a scaipeadh faoina gcuid dualgas, oibleagáidí agus ceart faoi seach agus tríd an bhfeasacht mhéadaithe ghaolmhar i measc spriocdhéimeagrafach.
- Freagairtí a fhorbairt, de réir mar is cuí, do shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn, e.g., trí ábhar faisnéise/treorach a fhoilsiú, trí chomhairle a sholáthar d’Airí, etc.
- Tuairimí a bhfuil tionchar acu agus atá bunaithe ar thaithí agus ar fhianaise a chur in iúl maidir le nithe a bhaineann le ról an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus leis an gcoireacht eacnamaíoch i gcoitinne, agus iad á gcur in iúl, mar shampla, d’Airí agus d’fhóraim iomchuí um athchóiriú beartais agus dlí, amhail an Chomhairle Chomhairleach i gcoinne Coireacht agus Éilliú Eacnamaíoch, Fóram na Rialálaithe Sinsearacha, an Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachtaí, an Coiste Stiúrtha i gcoinne Sciúradh Airgid, etc.

## CÓRAIS ÉIFEACHTACHA FORFHEIDHMIÚCHÁIN CHOMHRÉIRIGH, LÁIDIR AGUS ATHCHOMHAIRLIGH A OIBRIÚ

- An córas maoirseachta dócmhainneachta corparáidí a oibriú go héifeachtach, i.e., an córas faoina gcuirtear na stiúrthóirí cuideachta sin ar chosúil, ag féachaint don fhianaise atá ar fáil, nár ghníomhaigh siad go macánta, go freagrach nó go cuí ar shlí eile faoi réir tosca reachtúla nó faoina dtugtar os comhair na gCúirteanna iad chun iad a thabhairt chun cuntais.
- Nithe a bhfuil údar ann le hiad a tharchur chuig an Stiúrthóireacht um Fhorfheidhmiú Sibhialta nó chuig an Stiúrthóireacht um Fhorfheidhmiú Coiriúil a shainaithint go héifeachtach tríd an bpróiseas maoirseachta dócmhainneachta, i.e., cásanna éagóiritheoireachta amhrasta a bhfuil údar ann le hiad a scrúdú ar leibhéal arb airde é ná leibhéal an chórais maoirseachta dócmhainneachta.
- Ionchuir sheachtracha (e.g., gearáin, nochtaí cosanta, tuarascálacha reachtúla, tarchuir, etc.) a thriáiseáil go héifeachtach chun na gcríoch seo a leanas:
    - réamh-mheasúnú a dhéanamh agus rátáil chomhchuimseach tosaíochta a shannadh;
    - nithe a chur ar aghaidh go héifeachtúil i gcás gur nithe iad atá oiriúnach dá ndiúscairt trí mhodhanna riaracháin ar bhealach atá comhréireach agus éifeachtach;
    - nithe a shainaithint ar ina leith atá fiosrúcháin níos suntasaí ag teastáil, lena n-áirítear, nuair is iomchuí, nithe ar ina leith is féidir go mbeidh údar ann le himscrúdú coiriúil.
- Imscrúduithe a bhainistiú go héifeachtach (a mhéid a thagann siad faoi réimse tionchair an Údaráis um Fhorfheidhmiú Corparáideach) d'fhonn an toradh cuí a chinneadh (e.g., an t-imscrúdú a dhúnadh, forfheidhmiú sibhialta, ionchúiseamh achomair, tarchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, tarchur chuig gníomhaireacht eile, etc.).
- Acmhainní forfheidhmiúcháin a imscaradh ar bhealach cothromaithe, agus aird á tabhairt ar chuspóirí straitéiseacha.
- Infheistiú sa teicneolaíocht, agus leas a bhaint aisti, i ngníomhaíochtaí imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin.
- Athbhreithniú, forbairt agus, nuair is cuí, cur chun feidhme a dhéanamh ar fheabhsuithe ar na modheolaíochtaí, na próisis agus na nósanna imeachta a glacadh.
- Caidrimh éifeachtacha a fhorbairt le piaraí intíre, le piaraí san Aontas Eorpach agus le piaraí idirnáisiúnta.

An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
16 Cearnóg Parnell Thoir | Baile Átha Cliath 1 | D01 W5C2 | Éire
Teil.: +353 1 858 5800
Ríomhphost: info@cea.gov.ie
Gréasán: www.cea.gov.ie

CEA
Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority